

Ráiteas Straitéise

2023 > 2025



Nollaig 2022

Ráiteas Straitéise



Réamhrá

- Réamhrá ón gCathaoirleach
- Ráiteas ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin
- Cé hé an tÚdarás Náisiúnta Iompair?
- Tháinig athrú mór agus baineadh cuid mhór amach



Forbairt na straitéise

- An cur chuige i leith forbairt na straitéise
- Cúlra beartais
- Treochtaí agus dúshláin iompair
- Ionchas geilleagrach



Breathnú go straitéiseach ar aghaidh

- Misean, fíis agus luachanna
- Spriocanna
- Cuspóirí straitéiseacha



Cén dóigh a mbainfimid torthaí amach?

- Timpeallacht soláthair agus rioscaí straitéiseacha
- Dul chun cinn a thomhas

Réamhrá



Réamhrá ó Bhord an Údaráis

Tá an Bord an-sásta leis an dul chun cinn suntasach a rinne an tÚdarás Náisiúnta Iompair (“an tÚdarás”) ar an gclár oibre uaillmhianach a bhí leagtha amach sa Ráiteas Straitéise roimhe a chur chun feidhme, rud lenar cumhdáíodh an tréimhse ón mbliain 2018 go dtí an bhliain 2022.

D’ainneoin an tionchair a bhí ag paidéim Covid-19, lean an tÚdarás ar aghaidh leis an obair thábhachtach atá ar bun aige chun soláthar bonneagair agus seirbhísí iompair inbhuanaithe a fheabhsú agus a leathnú ar fud an Stáit. Áirítear leis an obair sin príomhthionscadail bhonneagair iompair a sholáthar agus tabhairt faoi thionscadail leanúnacha a bhfuil mar aidhm



Is é seo an cúigiú Ráiteas Straitéise ón Údarás Náisiúnta Iompair agus leagtar amach ann na cuspóirí atá againn don tréimhse ón mbliain 2023 go dtí an bhliain 2025.



leo feabhas a chur ar sholáthar iompair phoiblí, amhail Ticéadú na Chéad Ghlúine Eile, táille 90 nóiméad TFI, agus Éire a Nascadh, clár atá dírithe ar nascacht a fheabhsú i gceantar tuaithe na hÉireann.

Tá pleanáil iompair inár gcathracha á stiúradh ag an Údarás, agus an méid sin á dhéanamh aige ar bhonn reachtúil i mBaile Átha Cliath agus i gcomhpháirt leis na húdaráis áitiúla i gCorcaigh, i nGaillimh, i Luimneach agus i bPort Láirge. Ceann amháin de na príomhnithe a soláthraíodh faoin straitéis roimhe ba ea an t-athbhreithniú ar an Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, rud ar cheadaigh an tAire é.

Tá sé mar phríomhaidhm ag an Údarás an taisteal gníomhach a spreagadh, agus beagnach €1m á infheistiú aige gach lá i dtionscadail lena dtacaítear le bealaí straitéiseacha do choisithe agus do rothaithe, lena n-áirítear rochtain ar scoileanna, naisc thréscaoilteachta, agus glasbhealaí uirbeacha. Trí shaoráidí siúil agus rothaíochta ar ardchaighdeán a sholáthar, spreagfar tuilleadh daoine tosú ar mhodhanna gníomhacha taistil a úsáid agus cabhrófar le dul i ngleic leis an athrú aeráide.

Leantar le BusConnects (Baile Átha Cliath) a chur ar aghaidh, agus ceithre chéim de chlár 11 chéim d’athruithe ar an ngréasán bus ar fud réigiún Bhaile Átha Cliath seolta anois. Cuireadh mórthionscadail eile bhonneagair iompair phoiblí ar aghaidh freisin, agus na hOrduithe Iarnróid do MetroLink agus do DART+ Thiar taiscthe leis an mBord Pleanála anois. Cuireadh iarratais phleanála isteach do shé thionscadal Croíchonaire Bus freisin.

Ar aon dul leis an mbeartas reatha Rialtais agus leis na huailmhianta láidre atá ann Éire a aistriú ina geilleagar inbhuanaithe agus ina sochaí inbhuanaithe, tá tionscnaimh ghníomhaithe ar son na haeráide ar thús cadhnaíochta spriocanna agus chuspóirí straitéiseacha an Údaráis anois. Ar mhaithe leis an bPlean Gnímh don Aeráid ón Rialtas a chomhlíonadh, beidh gá ann le haistriú rathúil a dhéanamh chuig an tsoghluaisteacht inbhuanaithe agus le hardleibhéil tras-chomhoibrithe a bhaint amach, lena n-áirítear comhoibriú idir Ranna agus Gníomhaireachtaí Stáit.

Réamhrá ó Bhord an Údaráis

Tacaíonn an Bord leis an líon mór tionscnamh atá ar siúl i réimse an ghníomhaithe ar son na haeráide, lena n-áirítear an flít iompair phoiblí a aistriú ina fhlít astaíochtaí nialasacha, rud a bhfuil ag éirí go maith leis, agus bearta eile atá ar bun chun astaíochtaí carbóin a laghdú, lena n-áirítear an taisteal gníomhach agus úsáid an iompair phoiblí a chur chun cinn. Ag breathnú ar aghaidh, leagtar amach sa straitéis seo an uailmhian atá ag an Údarás bonneagar iompair inbhuanaithe i bhfad níos fearr a sholáthar ar mhaithe le spriocanna laghdú astaíochtaí carbóin na tíre a chomhlíonadh.



Tacaíonn an Bord leis an líon mór tionscnamh atá ar siúl i réimse an ghníomhaithe ar son na haeráide.



Agus é ag comhlíonadh na bhfreagrachtaí atá air faoin Dualgas Earnála Poiblí i leith Comhionannais agus Chearta an Duine atá leagtha amach in alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2015, oibríonn an tÚdarás go réamhghníomhach chun comhionannas a chur chun cinn, chun idirdhealú a chosc agus chun cosaint a thabhairt do chearta an duine atá ag a chuid fostaithe, custaiméirí agus úsáideoirí seirbhíse agus ag gach duine a dtéann beartais agus pleananna an Údaráis i bhfeidhm orthu.

Ar feadh thréimhse feidhme an Ráitis Straitéise seo, úsáidfídh an tÚdarás a leithdháiltí cistiúcháin ón Státchiste chun na hacmhainní riachtanacha a imscaradh ar mhaithe leis na cuspóirí straitéiseacha agus na spriothorthaí atá aige a bhaint amach.

Thar ceann an Údaráis, ba mhaith linn aitheantas a thabhairt don obair a rinne an líon mór comhpháirtithe atá againn, lena n-áirítear Bonneagar Iompair Éireann, oibritheoirí iompair, oifigí soláthair Nasc Áitiúil agus údaráis áitiúla, go háirithe an rannchuidiú sárluachmhar a rinne oibrithe túslíne le linn phaindéim Covid-19.

Aithníonn an Bord freisin an ról tábhachtach a d'imir foireann bhainistíochta agus fostaithe an Údaráis maidir leis na tionscadail sin agus roinnt tionscadal eile a sholáthar. Lean siad le bheith gairmiúil agus díograiseach le linn tréimhse a bhí thar a bheith dúshlánach don tseirbhís phoiblí ar fad. Choinnigh siad athléimneacht an chórais iompair phoiblí ar bun freisin.

Bord an Údaráis

Ráiteas ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin



Anne Graham

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Tá lúcháir orm an Ráiteas Straitéise ón Údarás don chéad trí bliana eile a chur i láthair, rud ar fhorbair baill foirne agus ár mBord é tar éis dul i gcomhairle le príomh-gheallsealbhóirí.

Agus sinn ag tarraingt ar an dara ráithe den aonú haois is fiche, tá sé soiléir go bhfuil an t-iompar poiblí agus an tsoghluaisteacht phoiblí níos tábhachtaí anois ná ag am ar bith riamh. Ag teacht sna sála ar thréimhse a bhí an-dúshlánach maidir le seirbhísí poiblí a sholáthar i gcoitinne, chonaiceamar go díreach cé chomh ríthábhachtach atá córas feidhmiúil iompair phoiblí maidir le sinn a chumasú ár ngnáthshaol laethúil a chaitheamh, maidir le cabhrú le sochaí níos cothroime a thógáil agus maidir le gníomh a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide.

Bhí roinnt dúshlán mór le sárú againn freisin nuair a bhí an víreas ag cur ár modha maireachtála i mbaol. Áiríodh leo sin an t-athrú aeráide, géarchéim thithíochta, géarchéim fuinnimh, agus méadú i bplódú tráchta agus i dtluailliú aeir. Dá bhrí sin, is ábhartha, agus is riachtanaí, anois ná ag am ar bith riamh an obair a dhéanann an tÚdarás chun seirbhísí iompair phoiblí a sholáthar, a oibriú agus a rialáil agus chun formhaoirseacht a dhéanamh ar an obair atá ar siúl chun bonneagar taistil ghníomhaigh, bonneagar iompair phoiblí agus flít níos glaise a chur i bhfeidhm.

Sa Phlean Gnímh don Aeráid ón Rialtas don bhliain 2021, éilítear go ndéanfaí gníomh cinntitheach chun astaíochtaí na hÉireann a laghdú faoina leath faoin mbliain 2030. Leagtar amach ann freisin an treoclár le haghaidh an sprioc dheiridh – aeráidneodracht – a bhaint amach faoin mbliain 2050. Tríd an bplean sin a chur chun feidhme, cabhrófar le geilleagar agus sochaí níos glaine agus níos glaise a thógáil in Éirinn. Féachtar sa phlean le hastaíochtaí ón earnáil iompair a laghdú faoi 50% faoin mbliain 2030 - bainfear é sin amach trí úsáid an taistil ghníomhaigh agus an iompair phoiblí a mhéadú, trí charranna leictreacha a ghlacadh agus tríd an bhflít a aistriú. Imreoidh an earnáil iompair phoiblí ról lárnach maidir le haistriú na hÉireann chuig an aeráidneodracht. Má tá Éire chun na spriocanna gníomhaithe ar son na haeráide atá aici a bhaint amach, áfach, beidh ar an tsochaí a cuid féin a dhéanamh freisin trí dhlús a chur leis an aistriú i dtreo úsáid a bhaint as modhanna iompair níos inbhuanaithe, lena n-áirítear an taisteal gníomhach agus an t-iompar poiblí.

Ráiteas ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Chun an tsochaí a chumasú go hiomlán a cuid féin a dhéanamh, beidh ar an Údarás agus ar an éiceachóras iompair phoiblí/soghluaisteachta rogha inmharthana eile ar an bhfeithicil phríobháideach a thabhairt di. Is é sin an rud a bheidh ag teastáil ar deireadh má táimid chun rath a bhaint amach.

Leagtar amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2021-30 an straitéis uileghabhálach infheistíochta agus an buiséad ón Rialtas don tréimhse 2021-30, lena n-áirítear iad sin do thionscadail a bhaineann leis an iompar. Beidh infheistíocht ar fiú thart ar €35bn í ag teastáil. Is ar an taisteal gníomhach agus ar an iompar poiblí atá cuid mhór den infheistíocht leithdháilte. Tá an infheistíocht gan

fasach sa tsoghluaisteacht inbhuanaithe mar fhianaise ar an rún atá ag an Rialtas dul i ngleic leis an athrú aeráide agus ar an bhfonn láidir atá air aistriú chuig modhanna iompair níos inbhuanaithe a spreagadh.

Imreoidh an tÚdarás ról lárnach maidir leis an mBeartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe ón Roinn Iompair a chomhlíonadh, ar beartas é ina leagtar amach creat don siúl, don rothaíocht agus don iompar poiblí chun tacú leis na huaillmhianta aeráide atá ag Éirinn. Éilítear sa bheartas sin go mbeadh ardleibhéil chomhoibrithe ann ar fud Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí agus na hearnála príobháidí, agus is beartas é a bhfuil an tÚdarás ag tnúth le dea-thorthaí a bhaint amach ina leith.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gcuid geallsealbhóirí agus ball foirne uile a lean ar aghaidh le bonneagar agus seirbhísí iompair inbhuanaithe a sholáthar, fiú amháin le linn amanna dúshlánacha. Is mór againn an rannchuidiú a rinne siad leis an doiciméad straitéise seo a fhorbairt freisin. Tháinig fás ollmhór ar an Údarás le cúpla bliain anuas, agus tá sé tábhachtach go gcoinneoimis ár luachanna agus ár gcultúr cuimsitheachta agus éagsúlachta ar bun de réir mar a fhorbraímid an eagraíocht tuilleadh chun an sainordú méadaitheach atá againn a chomhlíonadh.

Táim ag tnúth le hobair i gcomhar leis an mBord agus le mo chuid comhghleacaithe chun na cuspóirí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise seo a chur chun feidhme.



Tá an infheistíocht gan
fasach sa tsoghluaisteacht
inbhuanaithe mar
fhianaise ar an rún atá ag
an Rialtas dul i ngleic leis
an athrú aeráide



Anne Graham

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Cé hé an tÚdarás Náisiúnta Iompair?



Is comhlacht reachtúil neamhthráchtála a oibríonn faoi choimirce na Roinne Iompair é an tÚdarás Náisiúnta Iompair. Bunaíodh an tÚdarás sa bhliain 2009, agus fuair sé a shainchúram reachtach ón Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath (2008) agus ón Acht um Rialáil Iompair Phoiblí (2009).

Tá an tÚdarás freagrach go príomha as straitéisí a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun iompar atá ar ardchaighdeán, inrochtana agus inbhuanaithe a sholáthar ar fud na hÉireann agus as iompar poiblí a sholáthraítear ar bhonn tráchtála a rialáil.

Ceann de na príomhfheidhmeanna reachtúla atá ag an Údarás is ea straitéis iompair a fhorbairt agus a chur chun feidhme do Mhórchearantar Bhaile Átha Cliath. Stiúir an tÚdarás an obair a rinneadh chun straitéisí iompair a fhorbairt i nGaillimh, i gCorcaigh, i Luimneach agus i bPort Láirge i gcomhpháirt leis na húdaráis áitiúla freisin.

Cistíonn an tÚdarás bonneagar iompair poiblí, ag gníomhú dó mar Údarás Ceadúnacháin faoin gCód Caiteachais Phoiblí le haghaidh infheistíochtaí móra iompair inbhuanaithe.

Déanann an tÚdarás seirbhísí iompair poiblí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a chonrú, a chistiú agus a fhorfhaoirsiú, á chinntiú go mbíonn seirbhísí ríthábhachtacha bus, iarnróid agus iarnróid éadroim ar fáil do phobail i ngach cearn den tír faoin mbranda Iompar d'Éirinn ("TFI").

Chomh maith leis sin, is é an tÚdarás an t-údarás ceadúnúcháin le haghaidh na hearnála bus tráchtála agus le haghaidh Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí de réir an Achta um Rialáil Tacsaithe (2013). Tá sé freagrach as rialacháin teanntála a fhorfheidhmiú freisin.

Tá an raon iomlán ról a bhfuil an tÚdarás freagrach astu leagtha amach ar an gcéad dá leathanach eile.

295 mhilliún

An líon turas paisinéirí sa bhliain 2019 (roimh an gcur isteach de dheasca phaindéim Covid-19)

€1.564 billiún

Leithdháileadh cistiúcháin iomlán an Údaráis don bhliain 2022

2,080

An líon iomlán busanna sa fhlít a bhí ag oibriú seirbhísí oibleagáide seirbhíse poiblí ag deireadh na bliana 2022

€660 milliún

Ioncam táillí oibleagáide seirbhíse poiblí sa bhliain 2019 (roimh an gcur isteach de dheasca phaindéim Covid-19)

Níos mó ná 6 mhilliún

An líon ceann de chártaí Leap a díoladh go dtí seo

14%

An céatadán den fhlít busanna oibleagáide seirbhíse poiblí a bhí ina mbusanna astaíochtaí ísle nó astaíochtaí nialasacha ag deireadh na bliana 2022

Cé hé an tÚdarás Náisiúnta Iompair? - freagrachtaí

Ar an leibhéal náisiúnta, is é ról an Údaráis na nithe seo a leanas a dhéanamh:



Seirbhísí iompair phoiblí a shocrú trí chonarthaí i leith seirbhísí iompair phoiblí



Faisnéis a sholáthar faoi thicéadú comhtháite, faoi tháillí agus faoin iompar poiblí



Gréasán iompair phoiblí atá comhtháite agus inrochtana a fhorbairt



Úsáid an iompair inbhuanaithe a chur chun cinn trí ghníomhaíochtaí margaíochta agus cur chun cinn ilchainéil a fhorbairt agus a chur chun feidhme



Rialáil a dhéanamh ar sheirbhísí poiblí bus do phaisinéirí nach bhfuil faoi réir conradh i leith seirbhísí iompair phoiblí



Bonneagar agus flít bus a sholáthar



Saoráidí agus scéimeanna rothaíochta a sholáthar chun an rothaíocht a chur chun cinn



Branda aonair iompair phoiblí a fhorbairt agus a chur chun feidhme



Creat rialála a fhorbairt agus a chothabháil le haghaidh Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí (tacsaithe, fuilcharranna agus limisíní) a rialú agus a oibriú agus le haghaidh a dtiománaithe agus seirbhísí gaolmhara (lena n-áirítear oibrítheoirí seoltacha)



Teanntáil feithiclí a rialáil sa Stát



Aighneachtaí reachtúla a ullmhú i ndáil le Treoirínte Pleanála Réigiúnacha



Sonraí staitistiúla agus faisnéis staitistiúil a bhailiú faoin iompar



Ceartha paisinéirí an Aontais Eorpaigh a fhorfheidhmiú i réimse an iompair mhuirí agus an iompair d'iartród, de bhus agus de chóiste



Údaruithe agus foirmeacha turais an Aontais Eorpaigh a bhailíochtú i ndáil leis an taisteal de bhus agus de chóiste de réir Rialachán Uimh. 1073/2009 ón Aontas



Oibriú mar chomhlacht idir-réitigh náisiúnta do sholáthraithe seirbhíse dola leictreonaigh

Cé hé an tÚdarás Náisiúnta Iompair? - freagrachtaí

Tá na ról bhreise seo a leanas ag an Údarás laistigh de Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath:



Tabhairt faoi phleanáil straitéiseach iompair



Infheistiú i ngach bonneagar iompair phoiblí



Bainistiú éifeachtach an éilimh tráchta agus iompair a áirithiú

Feidhmeanna eile:

Feidhmeanna neamhreachtúla a chomhlíontar thar ceann na Roinne Iompair:



Pleanáil straitéiseach iompair do na cathracha réigiúnacha (Corcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge)



Tionscadail iompair inbhuanaithe a phleanáil agus a chistiú sna cathracha réigiúnacha, mar atá Corcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge



Cláir na nÁiteanna Oibre Taistil Níos Cliste agus na gCampas Taistil Níos Cliste a riar



Cistiú an Chláir Iompair Tuaithe a bhainistiú



Cistiú inrochtaineachta a sholáthar d'oibritheoirí iompair agus do chomhlachtaí ábhartha eile



Clár Taistil na Scoileanna Glasa a bhainistiú

Tháinig athrú mór agus baineadh cuid mhór amach



Baineadh cuid mhór amach i dtimpeallacht an-dúshlánach ó cuireadh an Ráiteas Straitéise roimhe uainn le chéile (an Ráiteas Straitéise ón Údarás don tréimhse 2018-2022). Cé go raibh paindéim Covid-19 ar siúl le linn an dara leath de thréimhse feidhme na straitéise roimhe, lean an tÚdarás le cur chun feidhme a dhéanamh ar an misean agus ar an bhfís atá aige bonneagar agus seirbhísí iompair inbhuanaithe a sholáthar in Éirinn. Ní hé sin le rá nach ndeachaigh an phaindéim i bhfeidhm ar chor ar bith ar ghníomhaíochtaí an Údaráis ná ar an dóigh ar soláthraíodh agus ar úsáideadh seirbhísí iompair phoiblí.

Cosúil le cuid mhór tíortha eile ar fud an domhain, chuir paindéim Covid-19, na tréimhsí gaolmhara dianghlása náisiúnta agus na treoirlínte maidir le hobair ón mbaile isteach go mór ar chóras iompair na hÉireann. Le linn na paindéime, tháinig laghdú mór ar an éileamh iompair phoiblí toisc nach raibh ach taisteal riachtanach ceadaithe ar feadh tréimhsí fada ama. Cuireadh teorainn leis an acmhainn ar an iompar poiblí de réir treoirlínte sláinte poiblí freisin. Mar gheall ar an treoir ón Rialtas ag an am agus ar na riachtanais a bhí ag oibrithe riachtanacha le linn na paindéime, bhí sé mar thosaíocht ag an Údarás le linn na tréimhse sin seirbhísí a choinneáil ar bun a mhéid ab fhéidir. Bhí roinnt de na seirbhísí sin ar conradh chuig an Údarás, agus bhí cinn eile á n-oibriú faoi cheadúnas arna eisiúint ag an Údarás. Bhí ríthábhacht ag baint le cistiú forlíontach ón Rialtas freisin maidir le seirbhísí iompair phoiblí a choinneáil ar bun, lenar áiríodh cistiú chun tacú leis an earnáil beagfheithicil seirbhíse poiblí.

Tá an líon paisinéirí cothrom leis an líon a bhí ann roimh an bpaindéim, nó tá sé níos airde ná an líon roimhe, ina lán limistéar anois. Tá an líon paisinéirí leata ar shlí níos cothroime ná roimhe sin, áfach. Tá an úsáid laghdaithe le linn na mbuaicthréimhsí traidisiúnta ar maidin agus sa tráthnóna fritháirithe ag an méadú san éileamh le linn an lae, go mall sa tráthnóna agus ag an deireadh seachtaine. I measc na gcúiseanna leis an bhfás le déanaí tá na seirbhísí breise a bhíonn á soláthar i mBaile Átha Cliath mar chuid de chlár BusConnects, laghduithe agus simplithe ar tháillí, lena n-áirítear táille 90 nóiméad TFI i mBaile Átha Cliath, agus an cinneadh ón rialtas táillí a laghdú faoi 20% ar fud na tíre sa bhliain 2022.

Tháinig paindéim Covid-19 sna sála ar thréimhse inar tháinig fás ar úsáid an iompair phoiblí. Sna blianta 2018 agus 2019, bhain an tÚdarás na méaduithe is mó riamh amach sa líon turas a thóg paisinéirí ar an iompar poiblí agus san ioncam gaolmhar táillí (méadú 7.9% sa bhliain 2018 agus méadú eile 6.8% sa bhliain 2019). Tháinig na méaduithe sin as gníomhaíocht gheilleagrach láidir agus as an acmhainn mhéadaithe ar an gcóras iompair phoiblí, rud a bhí chomh suntasach sin go raibh an acmhainn faoi bhrú ag buaicthréimhsí.

Tháinig athrú mór agus baineadh cuid mhór amach

Beag beann ar na mórdhúshláin a chruthaigh an phaindéim, lean an tÚdarás, na hoibritheoirí iompair agus a bpearsanra le seirbhísí iompair phoiblí, seirbhísí beagfheithicle seirbhíse poiblí san áireamh, a sholáthar ar fud na tíre le linn na paindéime ar fad, rud a léirigh athléimneacht an ghréasáin.

Leanadh freisin le dul chun cinn a dhéanamh ar na cláir agus na tionscadail éagsúla a bhíonn á soláthar ag an Údarás i gcomhar lena chomhpháirtithe éagsúla sa Rialtas, beag beann ar an bpaindéim. Áiríodh leis sin pleanáil agus cur chun feidhme a dhéanamh ar phríomhthionscadail bhonneagair iompair phoiblí, lena áiríodh BusConnects, DART+, MetroLink, Luas Fhionnghlaise, agus Éire a Nascadh.

Leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann leis an taisteal gníomhach le linn na paindéime. Sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030, sa Phlean Gnímh don Aeráid 2021 agus sa Bheartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe, ar foilsíodh iad go léir le linn thréimhse feidhme na straitéise roimhe, athdhearbhaítear an tábhacht a leagann an Rialtas ar an iompar inbhuanaithe, go háirithe bonneagar taistil ghníomhaigh. Chuige sin, bíonn an tÚdarás, Bonneagar Iompair Éireann, na hoibritheoirí iompair agus na húdaráis áitiúla éagsúla ar fud na tíre ag obair go dlúth lena chéile chun dlús a chur le soláthar an bhonneagair rithabhachtaigh sin.



Ar an gcéad leathanach eile, tabharfaimid léargas ar roinnt de na cláir agus na tionscadail ar sholáthair an tÚdarás iad le linn thréimhse feidhme an Ráitis Straitéise roimhe. Tá sé soiléir gur baineadh cuid mhór amach.

Tháinig athrú mór agus baineadh cuid mhór amach

Straitéisí iompair



Forbraíodh straitéisí iompair do Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath, do Chorcaigh, do Ghaillimh, do Luimneach-Sionainn agus do Phort Láirge, agus tá na straitéisí sin i bhfeidhm anois. Tosófar ar Straitéisí iompair na Gaillimhe a athbhreithniú agus a nuashonrú sa bhliain 2023.

Dlúthfhorbairt



Ón mbliain 2018 i leith, tá dlúthfhorbairt á cur chun cinn ag an bhFoireann Pleanála Straitéisí trí dhul i dteagmháil le húdaráis áitiúla agus le forbróirí maidir le breis agus 700 ceann d'iarratais phleanála mórsála agus de phleananna úsáide talún. Is é an croíchuspóir atá ann a chinntiú go mbeidh an fhorbairt lonnaithe san áit cheart, go mbeidh an fhorbairt ag an dlús cuí chun tacaíocht a fháil ón iompar inbhuanaithe, agus go mbeidh an fhorbairt deartha agus pleanáilte ar shlí a gcomhtháthaíonn go héifeachtach lenár mórthionscadail amhail BusConnects agus MetroLink.

Inrochtaineacht



Áiríodh iad seo a leanas leis na bearta a bhí i gceist:

- Aistríodh an flít busanna agus cóistí oibleagáide seirbhíse poiblí ina fhíl atá lán-inrochtana ag cathaoireacha rothaí;
- Méadaíodh go 97% an céatadán de fhílít Nasc Áitiúil a sholáthraíonn seirbhísí tráthrialta ar fheithiclí ísealurláir agus méadaíodh go 89% an céatadán de sheirbhísí atá freagrúil don éileamh a sholáthraítear ar fheithiclí ísealurláir (suas ó 85% agus ó 71% faoi seach sa bhliain 2021);
- Suiteáladh 29 mbá bus atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí sa bhliain 2022;
- Rinneadh deich n-ardaitheoir agus dhá staighre creasa a athchóiriú/a athnuachan ag stáisiúin traenach sa bhliain 2022, agus físghlao á shuiteáil ar 13 ardaitheoir;
- Uasghrádaíodh dhá stáisiún traenach, lena áiríodh droichid coisithe agus ardaitheoirí nua, agus rinneadh bearta eile inrochtaineachta;
- Cistíodh an scéim leathnaithe carranna pobail; agus
- Glacadh an cárta 'Just a Minute' (JAM) agus an cárta 'Please Offer Me A Seat' ar fud an iompair poiblí.

MetroLink agus Luas



Rinneadh dul chun cinn ar thionscadail MetroLink agus Luas Fhionnghlaise, ar thionscadail iarnróid éadroim iad. Cheadaigh an Rialtas an réamhchás gnó, agus cuireadh an t-iarratas ar ordú iarnróid do MetroLink faoi bhráid an Bhoird Pleanála. Tar éis dhá bhabhta comhairliúcháin phoiblí, tá an bealach beartaithe do Luas Fhionnghlaise á thabhairt i gcrích faoi láthair.

Bonneagar iompair inbhuanaithe



Rinneadh infheistíocht €655m i saoráidí siúil agus rothaíochta ar fud na tíre le linn na tréimhse 2018-2022, agus an infheistíocht sin ag méadú ó €35m sa bhliain 2018 go €289m sa bhliain 2022. Áiríodh leis sin thart ar 250 km de lánáí rothar nua agus uasghrádaithe a sholáthar.

Éire a Nascadh



D'fhorbair an tÚdarás Éire a Nascadh, ar plean soghluaisteacha tuaithe é ina leagtar amach clár um fheabhsuithe ar sheirbhísí iompair poiblí ar fud na hÉireann. Tosaíodh ar an gcéad chéim a chur chun feidhme sa bhliain 2022. Tugadh breis agus 25 cinn de sheirbhísí nua agus breisithe isteach le linn na bliana, agus clár iomlán beartaithe don chéad cheithre bliana eile.

Tháinig athrú mór agus baineadh cuid mhór amach

BusConnects

Baile Átha Cliath

Eisíodh údarú ón Rialtas faoin gCód Caiteachais Phoiblí i mí an Mhárta 2022 i ndáil leis an Réamhchás Gnó foriomlán do BusConnects Bhaile Átha Cliath. Cuireadh iarratais ar thoiliú pleanála do shé cinn de dhá thionscadal conaire dhéag lena soláthraítear bonneagar bus agus rothaíochta faoi bhráid an Bhoird Pleanála ansin faoi dheireadh na bliana 2022. Ar leithligh uaidh sin, cuireadh an obair chun mór-chómhgartú bus a thógáil ag Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life i gcrích go substaintiúil ag deireadh na bliana 2022 agus beidh sé i mbun feidhme go luath sa bhliain 2023.

Príomhghné de BusConnects Bhaile Átha Cliath is ea an córas ticéadaithe a athsholáthar. Eisíodh iarrataí ar thairiscintí do chóras "Thicéadú na Chéad Ghluíne Eile" i mí na Bealtaine 2022, rud lena simplítear

íocaíochtaí le cártaí dochair/creidmheasa agus le fóin phóca.

Seoladh an chéad dá chéim de ghréasán nua bus BusConnects Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2021 - Dromlach H (conair Bhóthar Bhinn Éadair) agus Dromlach C (conair Leamhcáin/Chill Droichid/Mhaigh Nuad), agus ceithre cinn eile de sheirbhísí bus 24 huairé an chloig á soláthar ar Bhealaí C1, C2, C5 agus C6. Seoladh Céim 3 i mí na Bealtaine 2022, ar lena linn a tugadh cuarsheirbhísí N4 agus N6 isteach ar an taobh thuaidh den chathair. Oibríonn Bealach N4 ar bhonn 24 huairé an chloig anois freisin. Cuireadh Céim 4 – Dromlach G (conair Bhaile Formaid) – chun feidhme i mí Dheireadh Fómhair 2022, agus dhá cheann eile de bhealaí 24 huairé an chloig á soláthar, mar atá: G1 agus G2.



Corcaigh

Tar éis dhá bhabhta comhairliúcháin phoiblí, rinneadh an gréasán nua seirbhísí bus atá beartaithe faoi BusConnects Chorcaí a thabhairt i gcrích agus a fhoilsiú i mí an Mheithimh 2022. Tá pleanáil á déanamh dá chur chun feidhme anois.

Rud eile a tharla i mí an Mheithimh 2022 ba ea gur tosaíodh an chéad bhabhta comhairliúcháin phoiblí ar na Bealaí Roghnaithe Éiritheacha do dhá Chonair Iompair Inbhuanaithe dhéag, agus iad ina n-eilimint lárnach de BusConnects Chorcaí.

Luimneach

Tosaíodh ar an ngréasán bus i Luimneach a athdhearadh sa bhliain 2022, agus táthar ag súil leis go seolfar comhairliúcháin poiblí ar an dréachtghréasán nua go luath sa bhliain 2023.

Gaillimh

Tosaíodh ar an ngréasán bus i nGaillimh a athdhearadh le linn na bliana 2022 mar chuid de chlár BusConnects na Gaillimhe, agus táthar ag súil leis go seolfar comhairliúcháin poiblí ar an dréachtghréasán nua go luath sa bhliain 2023. Cuireadh iarratas ar thoiliú pleanála don Nasc Traschathrach faoi bhráid an Bhoird Pleanála i mí Mheán Fómhair 2022. Tá an Nasc Traschathrach ina chroíghné de BusConnects na Gaillimhe, lena mbeartaítear feabhsuithe a dhéanamh ar ghluaiseacht busanna, rothaithe agus coisithe i gcoirlár na cathrach.

Flít Busanna Leictreacha

I mí an Mhárta 2022, síníodh mór-chreatchonnradh le haghaidh suas le 800 ceann de bhusanna leictreacha dhá stór a sholáthar. Forlíontar leis an gcreatcchonnradh sin creat-chomhaontú den chineál céanna a síníodh sa bhliain 2021 le haghaidh suas le 200 ceann de bhusanna leictreacha aon stóir a sholáthar. Tá na chéad bhusanna leictreacha nua le seachadadh ag deireadh na bliana 2022. Cuirfear na busanna sin i mbun seirbhíse sa bhliain 2023 tar éis iad a thástáil agus a choimisiúnú.

Tháinig athrú mór agus baineadh cuid mhór amach

Seirbhísí oibleagáide seirbhíse poiblí a fhorbairt



Tháinig méadú os cionn 13% ar an líon ciliméadar bliantúil feithicle a oibríodh ar an ngréasán iompair phoiblí oibleagáide seirbhíse poiblí idir na blianta 2018 agus 2021, go háirithe ar an ngréasán bus.

Cuireadh seirbhísí nua agus seirbhísí feabhsaithe i bhfeidhm ar fud an ghréasáin bus le linn na tréimhse sin. Tar éis sraith comórtas tairisceana, chuir Go-Ahead Ireland tús le hoibríochtaí ar bhealaí Limistéar Bruach-Chathrach Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2018 agus ar an gconair comaitéireachta idir Cill Dara agus Baile Átha Cliath sa bhliain 2019. D'éirigh leis an tairiscint ó Bhus Éireann le haghaidh seirbhísí bus a oibriú i gCathair Phort Láirge, agus thosaigh sé ar sheirbhísí feabhsaithe a oibriú inti sa bhliain 2019. Tugadh seirbhísí bus 24 huaire an chloig isteach ar roinnt bealaí bus i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath. Mar chuid de thionscadal Athdhearadh Gréasáin BusConnects, tugadh méaduithe i leibhéil seirbhíse, go háirithe lasmuigh de bhuaicthréimhsí agus ag an deireadh seachtaine, isteach i mBaile Átha Cliath le linn na mblianta 2021 agus 2022.

Tháinig feabhsuithe substaintiúla ar phoncúlacht bus idir na blianta 2018 agus 2022, ar lena linn a chabhraigh an méadú i gCaighdeáin chonarthaíochta Íosta Feidhmíochta agus caidreamh cuiditheach tráthrialta le hoibrítheoirí le hathrú struchtúrtha a bhaint amach i bhfeidhmíocht ina leith sin. I gcás an chéad dá ráithe de na blianta 2022 agus 2018, mar shampla, bhí 66% de sheirbhísí faoi chonradh dír-dhámhachtana Bhus Éireann in am sa bhliain 2022, i gcomparáid le 48% sa bhliain 2018. I gcás seirbhísí faoi chonradh Bhus Átha Cliath, bhí 68% de sheirbhísí in am sa bhliain 2022, i gcomparáid le 58% sa bhliain 2018.

An Clár Taistil Níos Cliste



Leis an gclár seo, cabhraítear le háiteanna oibre agus le campais pleananna taistil inbhuanaithe agus ghníomhaigh a fhorbairt agus a chur chun feidhme do bhaill foirne agus do mhic léinn. Tá breis agus 200 comhpháirtí ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach páirteach sa chlár, agus chuaigh 42 eagraíocht isteach sa chlár sa tréimhse 2018-2022.

Iompar Tuaithe



Thar na cúig bliana seo a chuaigh thart, stiúir an tÚdarás forbairt agus leathnú leanúnach ar sheirbhísí bus tráthrialta tuaithe agus ar sheirbhísí 'doras go doras' i gceantar tuaithe na hÉireann. Ba é an toradh a bhí air sin go bhfuil busanna níos nua-aimseartha agus níos inrochtana ar an mbóthar anois, agus iad ag reáchtáil seirbhísí comaitéireachta agus seirbhísí nua sa tráthnóna agus ag an deireadh seachtaine araon. Comhtháthaíodh na seirbhísí sin tuilleadh le seirbhísí réigiúnacha bus agus iarnróid freisin. Tháinig fás suntasach ar sheirbhísí tráthrialta tuaithe le linn na blianta 2022. Iompraíonn na seirbhísí sin níos mó ná 40,000 paisinéir in aghaidh na seachtaine anois, dhá oiread an fhigiúir don bhliain 2019, beagnach.

Leathnú na heagraíochta



Tháinig méadú faoi thrí, beagnach, ar an líon fostaithe atá ag an Údarás, ó 83 dhuine go 237 nduine, ón mbliain 2018. Lean an líon fostaithe de bheith ag méadú go mór le linn phaindéim Covid-19, beag bean ar an gcuid mhór dúshlán earcaíochta a bhí i réim ag an am. Chuir an 154 ról bhreise sin leis na hinniúlachtaí agus na scileanna a bhí ann cheana i réimsí na hinnealtóireachta, na pleanála iompair, na teicneolaíochta, na rialála, na bainistíochta tionscadal, an airgeadais, an tsoláthair agus na seirbhísí tacaíochta chun an tÚdarás a chumasú an sainordú méadaitheach atá aige a chomhlíonadh.

Tháinig athrú mór agus baineadh cuid mhór amach

Seirbhísí tráchtála bus



Idir na blianta 2017 agus 2019, taifeadadh méadú 10% sa líon ciliméadar sceidealta feithicle, méadú 18% sa líon turas paisinéirí agus méadú 23% in ioncam táillí san eamail tráchtála cheadúnaithe bus. Tar éis theacht phaindéim Covid-19, sholáthair an tÚdarás tacaíocht airgeadais chun oibrítheoirí tráchtála bus a chumasú leanúint le seirbhísí tráchtála cheadúnaithe a riar ionas go bhféadfaí seirbhísí riachtanacha a sholáthar.

Tosaíodh an t-aistriú chuig flít busanna astaíochtaí ísle/nialasacha



Seachadadh 280 ceann de bhusanna díosail-leictreacha hibrídeacha dhá stór i mBaile Átha Cliath agus sna cathracha réigiúnacha. Seachadadh 45 cinn de bhusanna ceallra-leictreacha aon stóir agus 62 cheann de bhusanna ceallra-leictreacha dhá stór sa bhliain 2022 freisin. Cuireadh trí cinn nua de bhusanna leictreacha breosla-chille hidrigine dhá stór i mbun seirbhíse sa bhliain 2021 mar chuid de threoirscéim um theicneolaíocht breoslaí malartacha.

Cláir feasachta poiblí



Soláthraíodh a lán feachtas cumarsáide le custaiméirí ar fud oibrítheoirí iompair poiblí, lena áiríodh feachtais frithchíochais, feachtais ticéadaithe, feachtais um iompraíocht custaiméirí le linn phaindéim Covid-19, agus raon feachtas a raibh mar aidhm leo custaiméirí a spreagadh seirbhísí a bhí ann cheana agus seirbhísí nua a úsáid. Rannchuidigh na feachtais sin leis an iompar poiblí a oibriú go rianúil, le seirbhísí a chur chun cinn go tráthúil agus leis an gcéatadán d'aosaigh atá feasach ar bhranda TFI a mhéadú go 63%. Reáchtáil an tÚdarás roinnt feachtas feasachta chun daoine a spreagadh páirt a ghlacadh inár dtionscnaimh chomhairliúcháin poiblí freisin, áit ar bhain BusConnects tairbhe ar leith as rannpháirtíocht shuntasach an phobail.

Tacaíocht do bheagfheithiclí seirbhíse poiblí a uasghrádú



Sholáthair an tÚdarás deontais arbh fhiú suas le €20,000 in aghaidh na feithicle iad do thiománaithe beagfheithicle seirbhíse poiblí chun tacú leo feithiclí leictreacha a cheannach; ceannaíodh 689 bhfeithicil le cistiú deontais le linn na bliana 2021. Soláthraíodh deontais arbh fhiú suas le €7,500 in aghaidh na feithicle iad freisin chun tacú le feithiclí a uasghrádú ionas go mbeadh siad inrochtana ag cathaoireacha rothaí; rinneadh 379 n-uasghrádú le cistiú deontais le linn na bliana 2021.

Tacú le seirbhísí beagfheithicle seirbhíse poiblí le linn phaindéim Covid-19



Tacaíodh leis an tionscal beagfheithiclí seirbhíse poiblí le linn na paindéime trí chomhairle rialála, airgeadais, theicniúil agus sábháilteachta a thabhairt dó. Áiríodh leis an obair sin cabhrú le hionaid tástála feithiclí a athoscailt agus an clár oiliúna do Thiománaithe Beagfheithicle Seirbhíse Poiblí in Ionfhabhtuithe a Chosc agus a Rialú a éascú.

Achtaíodh raon leathan rialachán i réimsí éagsúla freisin, lena áiríodh an aois incheadaithe uasta feithiclí a fhadú go sealadach, an tréimhse ina bhféadfadh ceadúnas bheith neamhghníomhach a dhúbailt, an tarscaoileadh ar tháillí ceadúnais beagfheithicle seirbhíse poiblí a fhadú, agus atabhairt isteach táillí déanacha laghdaithe a iarchur.

Tháinig athrú mór agus baineadh cuid mhór amach

Méadú ar roghanna ticéadaithe agus roghanna breisithe creidmheasa Leap



Mar thoradh ar aip TFI Go a thabhairt isteach, tá ticéadú móibíleach ar fáil ar 87 gcinn de bhealaí réigiúnacha agus de bhealaí comaitéireachta anois. Ar leithligh uaidh sin, cuireadh feabhas ar fheidhmiúlacht chárta Leap freisin. Áiríodh leis sin Aip nua Breisithe Creidmheasa Leap a sheoladh do iPhone sa bhliain 2021.

Laghduithe i dtáillí iompair phoiblí



Sa chéad leath den bhliain 2022, rinne an tÚdarás meánlaghdú sealadach 20% ar tháillí ar sheirbhísí oibleagáide seirbhíse poiblí mar chuid de bhearta an Rialtais chun an costas méadaithe maireachtála a chomhrac. Sheol an tÚdarás Cárta Aosaigh Óig i mí na Bealtaine 2022, agus laghdú 50% á dhéanamh ar tháillí iompair do dhaoine idir 19 mbliana d'aois agus 23 bliana d'aois ar gach turas fóirdheonaithe iompair phoiblí. Leathnaíodh an laghdú sin chuig seirbhísí tráchtála ceadúnaithe bus i mí Mheán Fómhair 2022. Tugadh laghdú i dtáillí chárta Leap ar sheirbhísí bus Bhus Oíche i mBaile Átha Cliath isteach i mí Mheán Fómhair 2022.

Baineann scéim chárta Leap clocha míle amach



Bhain díolacháin chártaí Leap TFI sé mhilliún amach i mí Mheán Fómhair 2022 agus taifeadadh an t-aon bhilliúnú turas paisinéirí ar chártaí Leap TFI i mí Dheireadh Fómhair 2022. Gnóthaíodh níos mó ná €2 billiún ó chártaí Leap TFI a dhíol ó seoladh den chéad uair iad i mí na Nollag 2011.

Cibearshlándáil



Coinníonn an tÚdarás rialuithe an-láidir cibearshlándála ar bun ar fud a chóras agus a stórtha sonraí uile, ar aon dul leis an dea-chleachtas sa tionscal agus leis an dea-chleachtas éiritheach. Níor thuairiscigh an tÚdarás aon mhórtheagmhais cibearshlándála le linn thréimhse feidhme an Ráitis Straitéise roimhe.

Caidreamh le geallsealbhóirí



Déanann an tÚdarás méid suntasach caidrimh phoiblí, agus breis agus 100 preaseisiúint agus freagraí ar thart ar 2,000 iarraidh faisnéise (Saoráil Faisnéise, Ceisteanna Parlaiminte, etc.) á n-eisiúint aige gach bliain.

Táille 90 nóiméad TFI



Rinneadh athchóiriú iomlán ar an gcóras táillí i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna 2021, rud a cheadaigh do phaisinéirí aistriú saor in aisce idir seirbhísí Bhus Átha Cliath, seirbhísí Luas agus an chuid is mó de sheirbhísí DART, de sheirbhísí iarnróid comaitéireachta agus de sheirbhísí Go-Ahead Ireland i mBaile Átha Cliath laistigh de 90 nóiméad ón gcéad uair a théann siad ar bord. Tá sé beartaithe táille 90 nóiméad den chineál céanna a thabhairt isteach do na cathracha réigiúnacha mar chuid de Chlár BusConnects.

Athbhreithniú ar uastáillí náisiúnta tacsáí



Déanann an tÚdarás athbhreithniú ar uastáillí náisiúnta tacsáí gach dhá bhliain. Bíonn an t-athbhreithniú sin bunaithe ar shuirbhéanna ar thiománaithe agus ar úsáideoirí agus cuimsíonn sé comhairliúchán poiblí, anailís eacnamaíoch, agus measúnú ar ghnáthchostais oibriúcháin. De bhun an athbhreithnithe, nuashonraítear na rialacháin um tháillí tacsáí chun go mbeidh praghsanna ina léiriú cuí go fóill ar dhálaí geilleagracha. Cuireadh comhairliúchán ar an táille náisiúnta tacsáí i gcrích i mí na Bealtaine 2022, agus uastáille mhéadaithe náisiúnta tacsáí á thabhairt isteach i mí Mheán Fómhair 2022.


Forbairt na straitéise



An cur chuige i leith fhorbairt na straitéise


Agus an Ráiteas Straitéise á fhorbairt aige, chloígh an tÚdarás le próiseas struchtúrtha ina ndearnadh breithniú cuí ar raon leathan geallsealbhóirí, ar bheartais agus reachtaíocht a bhí ann cheana, ar dhálaí geilleagracha reatha agus tuartha, agus ar threochtaí agus dúshláin iompair. Leagamar forbhreathnú ardleibhéil amach thíos ar an gcur chuige a glacadh le linn an straitéis a fhorbairt.

1. Rinneadh measúnú ar bheartais ábhartha agus ar shainchúram reachtach an Údaráis
2. Rinneadh caidreamh le geallsealbhóirí, lenar áiríodh Ranna Rialtais ábhartha, eintitis eile Stáit, oibritheoirí iompair phoiblí, grúpaí sainleasa, agus an pobal i gcoitinne
3. Breithníodh treochtaí agus dúshláin reatha iompair
4. Athbhreithníodh an t-ionchas geilleagrach don tír, lenar áiríodh an leithdháileadh buiséid ar an iompar






- Leagtar amach sa **Chreat Náisiúnta Pleanála** straitéis uileghabhálach spáis na hÉireann don chéad fhiche bliain eile. Soláthraítear ann treoir maidir le hinfheistíocht phoiblí agus phríobháideach chun cabhrú le príomhthorthaí straitéiseacha náisiúnta – dlúthfhás agus nascacht fheabhsaithe réigiúnach ina measc – a bhaint amach.
- Gabhann an **Plean Forbartha Náisiúnta 2021-30** leis an gCreat Pleanála Náisiúnta. Leagtar amach sa Phlean sin straitéis infheistíochta an Rialtais don tréimhse atá i gceist, lena n-áirítear pleananna do na nithe seo a leanas: úsáid cánacha carbóin a mhéadú; an Cód Caiteachais Phoiblí a athchóiriú; measúnuithe aeráide agus timpeallachta a dhéanamh ar gach infheistíocht shuntasach; agus díriú athnuaite a leagan ar sholáthar tionscadal.
- Tá BusConnects, MetroLink agus DART+ i measc na mórtionscadal caipitil iompair phoiblí atá beartaithe. Tá sé beartaithe infheistíocht shuntasach a dhéanamh sa taisteal gníomhach freisin.
- Díritear sa Phlean Forbartha Náisiúnta freisin ar thithíocht a sholáthar tríd an Straitéis um Thithíocht do Chách. Faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, tá pleanáil straitéiseach úsáide talún le hailíniú le cur chuige iomparthreoraithe i leith tithíocht a fhorbairt, agus pobail atá inbhuanaithe agus dea-nasctha á n-éascú.



- Tugtar sa **Phlean Gnímh don Aeráid 2021** treochlár le haghaidh gníomh cinntitheach a dhéanamh chun astaíochtaí carbóin na hÉireann a laghdú faoina leath faoin mbliain 2030 agus chun an aeráidneodracht a bhaint amach tráth nach déanaí ná an bhliain 2050. Áirítear leis sin pleananna le haghaidh úsáid an iompair phoiblí/an taistil ghníomhaigh a mhéadú, le haghaidh carranna leictreacha a ghlacadh agus le haghaidh an flít a aistriú.



- Leagtar amach sa **Bheartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe** ón Roinn Iompair creat straitéiseach don siúl, don rothaíocht agus don iompar poiblí chun tacú leis na huailmhianta aeráide atá ag Éirinn.
- Imreoidh an tÚdarás ról lárnach maidir le spriocanna an bheartais a chomhlíonadh, lena n-áirítear sábháilteacht leantach soghluaisteachta a chinntiú, an t-iompar poiblí a dhícharbónú agus roghanna soghluaisteachta inbhuanaithe a mhéadú.



- Leagtar amach sa **Chreat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn** ón Roinn Iompair creat le haghaidh infheistíochtaí amach anseo sa ghréasán iompair de thalamh a chur in ord tosaíochta chun tacú leis an gCreat Náisiúnta Pleanála agus an Plean Forbartha Náisiúnta a chomhlíonadh.



- Is é **Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann 2021-25** beartas náisiúnta forbartha tuaithe an Rialtais, ina leagtar amach treoirphlean le haghaidh ceapadh beartais agus infheistíochtaí i gceantar tuaithe na hÉireann.
- Is é a bheidh i gceist le ról an Údaráis maidir leis an mbeartas sin a chomhlíonadh ná seirbhísí Nasc Áitiúil a leathnú trí Éire a Nascadh, cúnamh a thabhairt d'údaráis áitiúla bonneagar taistil ghníomhaigh a sholáthar, agus feabhas a chur ar sheirbhísí iompair phoiblí tuaithe, agus an méid sin á dhéanamh aige uaireanta trí threoirthionscnaimh.

Caidreamh le geallsealbhóirí agus ionchas geilleagrach

Caidreamh le Geallsealbhóirí

Caidreamh le Geallsealbhóirí



- Cé go raibh caidreamh leanúnach fairsing ann le Bord agus foireann ardbhainistíochta an Údaráis le linn an straitéis seo a fhorbairt, reáchtáil an tÚdarás próiseas caidrimh fhoirmiúil le geallsealbhóirí ar feadh dhá sheachtain i mí an Mheithimh 2022. Dearadh an próiseas sin chun freastal ar thrí shnáithe comhairliúcháin ar leith, agus iad go léir ar siúl i gcomhthráth lena chéile trí thairseach comhairliúcháin ar líne an Údaráis. Chuimsigh na snáitheanna sin na nithe seo a leanas:
 - Suirbhé a bhí deartha do dhaoine den phobal;
 - Suirbhé a bhí deartha do raon leathan geallsealbhóirí, lenar áiríodh Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí stáit, oibritheoirí iompair, údaráis áitiúla agus réigiúnacha, an earnáil ghnó, agus an mhórearnáil pobail agus dheonach; agus
 - Suirbhé a bhí deartha do bhaill foirne an Údaráis.
- San aiseolas a fuarthas le linn an phróisis comhairliúcháin sin, díríodh go príomha ar astaíochtaí na hearnála iompair a laghdú trí mhodhanna iompair níos inbhuanaithe a chur chun cinn. Tá an méid sin pléite go mion sa Ráiteas Straitéise seo.
- Is an-mhór ag an Údarás an t-am agus an iarracht a chuir gach duine a rinne aighneachtaí isteach, rud a chabhraigh le bonn eolais a chur faoin doiciméad straitéise seo.

Ionchas Geilleagrach

Ionchas Geilleagrach



- Cé gur íslíodh ionchais fhoriomlána fáis mar thoradh ar an gcogadh leanúnach san Úcráin/ar an ngéarchéim fuinnimh, táthar ag súil leis go fóill go mbainfear fás geilleagrach láidir amach sa bhliain 2023, agus fás 3.0% in OTI tuartha ag ESRI.
- Toradh eile a bhí ar an méadú i bpraghsanna fuinnimh ba ea an méadú i mboilsciú. Sa taighde is déanaí ón mBanc Ceannais, tuarar go mbeidh boilsciú cothrom le 8.0% sa bhliain 2022 agus go dtitfidh sé go 6.3% sa bhliain 2023 agus go 2.8% ansin sa bhliain 2024. Cruthóidh sé sin dúshlán ar leith do na hearnálacha foirgníochta agus iompair, ar earnálacha dianfhuinnimh iad. Baineann an éiginnteacht mhéadaithe gheilleagrach de mhuinín tomhaltóirí agus cruthaíonn sí dúshlán don bheartas fioscach. D'fhéadfadh sí difear a dhéanamh do chistiú Rialtais freisin.
- Is ábhar imní méadaitheach do thionscal foirgníochta agus Rialtas na hÉireann is ea an boilsciú i bpríomh-chomhpháirteanna tógála agus foirgníochta a chonacthas le 12-24 mhí anuas, rud a rinne difear don chostas ar thionscadail foirgníochta a sholáthar, lenar áiríodh tionscadail iompair.

Infheistíocht agus cistiú iompair phoiblí



- Faoin leagan nuashonraithe den Phlean Forbartha Náisiúnta 2021-30, is é €7.9bn an infheistíocht phoiblí atá leithdháilte ar an iompar don tréimhse 2023-25.
- In éineacht le boilsciú costais, is é an toradh a bheidh ar roinnt lascaíní táille (an cárta taistil óige agus an laghdú sealadach 20% i dtáillí san áireamh), a bhfuil mar aidhm pháirteach leo na méaduithe sa chostas maireachtála a mhaolú, a thabhairt isteach ná go gcuirfear go mór leis an riachtanas a bheidh ag seirbhísí iompair phoiblí le cistiú oibleagáide seirbhíse poiblí amach anseo.

Treochtaí agus dúshláin iompair

Treochtaí

Inbhuanaitheacht



- Tá an earnáil iompair ar thús cadhnaíochta an ghníomhaithe ar son na haeráide agus aistriú ár sochaí chuig an neodracht carbóin.
- Áirítear leis na príomhbhearta atá á ndéanamh ag údaráis iompair phoiblí dlús a chur leis an obair atá ar bun chun feithiclí príobháideacha a aistriú chuig modhanna iompair níos inbhuanaithe, mar aon leis an bhflít a aistriú chuig foinsí fuinnimh atá níos neodraí ó thaobh carbóin de.

Comhtháthú



- Tá comhtháthú méadaithe idir modhanna iompair (trí naisc thrasmhódacha agus trí phleanáil éifeachtach bealaí) ag teastáil chun éascaíocht agus éifeachtúlacht a uasmhéadú do phaisinéirí ó thaobh costais, compoird, sábháilteachta agus inrochtaineachta de. Is é atá i gceist leis sin ná córais iompair uirbeacha, réigiúnacha agus tuaithe a chomhtháthú lena chéile.

Soghluaisteacht



- Is féidir le soghluaisteacht fheabhsaithe, a bhainfear amach trí chórais iompair phoiblí agus córais iompair phríobháideacha lena n-úsáidtear an teicneolaíocht a chomhtháthú lena chéile, feabhas a chur ar nascacht, ar inrochtaineacht agus ar eispéireas custaiméirí.
- Soláthraíonn an taisteal gníomhach réitigh atá solúbtha agus cost-éifeachtúil. Téann sé chun tairbhe don inbhuanaitheacht agus don fholláine agus maolaíonn sé plódú tráchta freisin.

Sonraí



- Trí leas a bhaint as sonraí agus as an digitiú, is féidir an soláthar iompair phoiblí a bhreisiú trí fheabhas a chur ar amanna taistil agus ar iontaofacht do chustaiméirí, trí éifeachtúlachtaí a sholáthar agus trí rialú costais a fheabhsú d'oibritheoirí iompair phoiblí.
- Cothóidh an tÚdarás úsáid agus nuálaíocht chliste sonraí agus oibreoidh sé chun leas a bhaint as sonraí taistil mar uirlis chun bonn eolais a chur faoina chinnteoireacht straitéiseach.

Éileamh Iompair Phoiblí



- Tháinig athruithe suntasacha ar phatrúin éilimh iompair phoiblí le cúig bliana anuas, go háirithe mar thoradh ar phaindéim Covid-19.
- Tháinig athrú ar dháileadh na comaitéireachta mar gheall ar theacht na hoibre ón mbaile, agus an t-éileamh iompair ag aistriú ar shiúl ó na buaicthréimhsí ar maidin agus sa tráthnóna amháin i dtreo an lae ar fad.

Sláinte agus Sábháilteacht



- Mar sheirbhís atá dírithe ar an bpobal, is gá don iompar poiblí gach beart maolaithe riachtanach a chur chun feidhme chun a chinntiú go mbraitheann paisinéirí sábháilte agus iad ar an iompar poiblí. Áirítear leis sin na hiarrachtaí leanúnacha atá ar bun chun dul i ngleic le teagmhais iompraíochta frithshóisialta.

An tAthrú Aeráide



- Gabhann leis an athrú aeráide dúshlán fadtéarmach suntasach d'athléimneacht ghréasán iompair na hÉireann de dheasca minicíocht mhéadaitheach eachtraí adhaimsiore amhail tuilte agus stoirmeacha.
- Ina theannta sin, tiocfaidh méadú suntasach ar chostais don tionscal idir an gearrthéarma agus an meántéarma mar gheall ar aistriú an fhliú agus ar chomhlíonadh.

An Margadh Saothair

- Na ganntanais saothair atá ann san earnáil seirbhísí gairmiúla agus san earnáil foirgníochta agus na dúshláin earcaíochta atá le sárú ag oibritheoirí iompair, is dóigh go mbeidh tionchar acu ar an gcumas a bheidh ag an Údarás tionscadail bhonneagair a chur i gcrích agus seirbhísí iompair phoiblí a sholáthar, agus borradh le cur faoi scála agus faoi ghníomhaíocht araon sa dá réimse sin thar na blianta atá romhainn.

Dúshláin

Breathnú go straitéiseach ar aghaidh



Misean, fís agus luachanna

Misean



Muintir agus áiteanna na hÉireann a nascadh lena chéile trí bhonneagar agus seirbhísí iompair inbhuanaithe a sholáthar agus trí fhéachaint leis an éileamh iompair a laghdú, agus an obair sin ar fad ag cabhrú le hastaíochtaí carbóin a laghdú

Fís



Agus ár misean á chomhlíonadh againn, is é an fhís a bheidh againn:

- 1 Go n-aithneoidh an pobal sinn mar eagraíocht a mbíonn ag éirí léi bonneagar agus seirbhísí iompair atá inrochtana, inbhuanaithe agus ar ardchaighdeán a sholáthar
- 2 Go mbeidh meas ag ár ngeallsealbhóirí orainn mar eagraíocht inchreidte a oibríonn go cuiditheach chun cabhrú leis na torthaí is fearr a mhúnlú, lena n-áirítear astaíochtaí carbóin a laghdú
- 3 Go mbeidh cáil orainn mar eagraíocht a thugann deis dá baill foirne barr a gcumais a bhaint amach agus gairmeacha a bhfuil sásamh iontu a shaothrú, áit a mbraitheann siad go bhfuil meas orthu i dtimpeallacht ina dtacaítear le héagsúlacht agus cuimsiú

Luachanna



Is iad luachanna an Údaráis a threoraíonn ár bpróiseas cinnteoireachta agus an dóigh a n-iompraímid sinn féin. Cloífidimid leis na croíluachanna atá againn agus sinn ag comhlíonadh na straitéise uainn. Tá na croíluachanna sin leagtha amach thíos.

Inbhuanaitheacht

Tugaimid aird ar an aeráid agus cinnteoidimid go mbeidh ár ngníomhaíochtaí chomh hinbhuanaithe agus is féidir, agus úsáid mhéadaithe an iompair inbhuanaithe á cothú againn gach uair is féidir linn.

Díriú ar chustaiméirí

Díreoimid go leanúnach ar ár gcustaiméirí, agus sinn ag freastal orthu trí ardchaighdeán a choinneáil ar bun. Ag an am céanna, bainfidimid leas as an teicneolaíocht agus as an nuálaíocht chun réitigh iompair atá comhtháite agus inrochtana a sholáthar.

Ceannaireacht trí chomhoibriú

Beimid inár gceannairí san earnáil iompair phoiblí, agus sinn dírithe ar na torthaí is fearr a bhaint amach don phobal trí obair bhuíne agus trí chomhoibriú lenár ngeallsealbhóirí.


Iontaoibh

Cothóimid iontaoibh agus bainfidimid luach ar airgead amach trí ionracas, trédhearcacht, dea-rialachas agus cuntasacht.

Ár mbaill foirne

Déanfaimid timpeallacht oibre mheasúil ina nglactar le héagsúlacht agus cuimsiú a chothú agus a choinneáil ar bun, áit a gcumasaítear dár mbaill foirne barr a gcumais a bhaint amach agus an ról atá acu a chomhlíonadh ar an tslí is fearr.

Spriocanna



Ina theannta sin, d'fhorbair an tÚdarás tacar cuspóirí straitéiseacha bunúsacha a thacóidh leis na spriocanna sin a chomhlíonadh. Tá na cuspóirí sin leagtha amach ar an gcéad leathanach eile.

Cuspóirí straitéiseacha

Ar mhaithe le spriocanna an Údaráis a chomhlíonadh, sannadh do gach sprioc roinnt cuspóirí straitéiseacha atá le baint amach le linn thréimhse feidhme na straitéise. Tá na cuspóirí straitéiseacha leagtha amach thíos, agus iad ailínithe lena spriocanna faoi seach atá le comhlíonadh le linn na tréimhse 2023-25.

Tús Áite do Chustaiméirí

1. Leanúint le tuiscint dhomhain a ghnóthú ar riachtanais custaiméirí chun cabhrú lena chinntiú go bhfreastalaíonn an bonneagar agus na seirbhísí a sholáthraítear go héifeachtach ar na riachtanais sin;
2. Comhtháthú iompair a fheabhsú go leanúnach chun gréasán so-úsáidte iompair phoiblí agus eispéireas simplí ó cheann go ceann a sholáthar do chustaiméirí;
3. A chinntiú go gcuirtear béim ar an inrochtaineacht ionas go mbíonn bonneagar agus seirbhísí ar fáil do chách, lena n-áirítear daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas;
4. Ar mhaithe le cuimsitheacht a fheabhsú, caidreamh réamhghníomhach a dhéanamh le grúpaí úsáideoirí difriúla chun bonn eolais a chur faoi fheabhsuithe a fhreastalaíonn ar na riachtanais shonracha atá acu; agus
5. Tús áite a thabhairt do shábháilteacht custaiméirí agus ball foirne araon ar bhonneagar agus seirbhísí.

Aeráid agus Inbhuanaitheacht

1. Feabhas leanúnach a chur ar inbhuanaitheacht agus éifeachtúlacht eagraíochtúil ar an aistear i dtreo aeráidneodracht a bhaint amach;
2. Laghdú in astaíochtaí iompair phoiblí a chumasú i gcomhar le geallsealbhóirí earnála;
3. Tacú le haistriú modha ón gcarr príobháideach chuig modhanna iompair níos inbhuanaithe, lena n-áirítear an siúl, an rothaíocht, agus an t-iompar poiblí;
4. An t-iompar inbhuanaithe a chur chun cinn in áiteanna oibre, ar champais, i scoileanna agus i bpobail; agus
5. Bearta éifeachtacha bainistíochta éilimh iompair a dhearadh agus a chur chun feidhme.

Pleanáil Iompair

1. Comhtháthú breisithe a chothú agus a fhorbairt idir soláthar iompair agus pleanáil úsáide talún;
2. Straitéisí réigiúnacha iompair a fhorbairt, ina soláthraítear creat le haghaidh forbairt iompair agus infheistíocht iompair a chomhtháthú lena chéile; agus
3. Treoir agus uirlisí a fhorbairt agus a chothabháil chun tacú le pleanáil iompair agus le cinntí infheistíochta iompair.

Bonneagar Iompair

1. Soláthar éifeachtach Chlár Infheistíochta Caipitil an Údaráis a chinntiú;
2. Bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar na cláir infheistíochta de chuid na Roinne Iompair atá sannta don Údarás; agus
3. Treoir agus oiliúint a fhorbairt agus a chothabháil chun tacú le bonneagar a fhorbairt agus a sholáthar.

Cuspóirí straitéiseacha

Seirbhísí Iompair

1. Leanúint le creat oibleagáide seirbhíse poiblí a fhorbairt, rud ina leagtar amach na príomhthosaíochtaí agus treoir maidir le seirbhísí oibleagáide seirbhíse poiblí a fhorbairt amach anseo;
2. Leanúint leis an ngréasán seirbhísí iompair phoiblí a fheabhsú, agus sinn ag freagairt do na hathruithe i riachtanais custaiméirí;
3. Seirbhísí bus, iarnróid throm agus iarnróid éadroim atá inrochtana agus ar ardchaighdeán a shocrú trí chonarthaí dí-rdhámhachtana agus trí chonarthaí a cuireadh amach ar thairiscint phoiblí, agus luach ar airgead á chinntiú i gcónaí;
4. Soláthar seirbhísí conraithe iompair phoiblí a bhainistiú go héifeachtach, agus bearta láidre á gcoinneáil ar bun chun a chinntiú go gcuirtear feabhas leanúnach ar iontaofacht, ar phoncúlacht agus ar chaighdeán seirbhíse do chustaiméirí; agus
5. Leas a bhaint as na teicneolaíochtaí agus na léargais sonraí is déanaí chun feabhas leanúnach a chur ar sheirbhísí agus ar eispéireas custaiméirí.

Rialáil Iompair

1. Feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhísí a sholáthraítear do thomhaltóirí, agus aird chuí á tabhairt ar gach úsáideoir agus soláthraí a chosaint;
2. Na creataí ceadúnúcháin rialála don earnáil beagfheithiclí seirbhíse poiblí agus don earnáil tráchtála bus a chur ar aghaidh chun cáilíocht, inbhuanaitheacht agus inrochtaineacht seirbhísí a fheabhsú;
3. Aibiú a dhéanamh ar na córais chomhlíonta agus forfheidhmiúcháin atá i bhfeidhm san earnáil beagfheithiclí seirbhíse poiblí agus san earnáil tráchtála bus;
4. Gníomhaíochtaí teanntála a rialáil chun cosaint leordhóthanach tomhaltóirí a chinntiú, mar aon le bearta cuí bainistíochta tráchta a dhéanamh; agus
5. Rialáil Cearta Paisinéirí an Aontais Eorpaigh i réimse an iompair phoiblí a chur chun cinn ar fud na hearnála iompair de bhóthar, na hearnála iompair d'iarnród agus na hearnála iompair mhuirí.

Caidreamh le Geallsealbhóirí

1. Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh leis an bpobal maidir le clár oibre an Údaráis;
2. Feasacht a chothú ar an ról atá ag an Údarás maidir le réitigh éifeachtacha iompair inbhuanaithe a sholáthar;
3. Caidreamh láidir a fhorbairt agus a choinneáil ar bun le geallsealbhóirí earnála;
4. An Coiste Comhairleach um Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí agus an Grúpa Comhairleach Úsáideoirí Iompair a éascú go héifeachtach agus caidreamh éifeachtach a dhéanamh leo; agus
5. Freagra éifeachtach a thabhairt do chomhaltaí den Oireachtas agus do chomhaltaí údaráis áitiúil agus caidreamh réamhghníomhach a dhéanamh leo.

Baill Foirne agus Eagraíocht

1. A chinntiú go bhfuil na daoine cearta, an cultúr ceart agus na hinniúlachtaí cearta againn chun clár oibre an Údaráis a chomhlíonadh;
2. Tacaíocht chuimsitheach oiliúna agus forbartha a sholáthar, agus sinn ag cabhrú le daoine a chumasú barr a gcumais a bhaint amach;
3. Comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a leabú inár dtimpeallacht oibre ionas go mbíonn daoine ó gach cúlra agus cultúr ar a gcompond sa timpeallacht sin agus gur féidir leo obair le chéile go héifeachtach;
4. Ardchaighdeán a choinneáil ar bun ó thaobh rialachais de agus ó thaobh soláthar seirbhíse de; agus
5. Cosaintí cibearshlándála a fhorbairt agus infheistiú iontu ar bhonn leanúnach.

Cén dóigh a
mbainfimid torthaí
amach?



Timpeallacht soláthair agus rioscaí straitéiseacha

Timpeallacht soláthair

- Tá gníomhaíochtaí an Údaráis faoi réir ceanglais fairsinge chomhlíonta, lena n-áirítear na treoracha ón Aontas Eorpach maidir le soláthar poiblí, an Cód Caiteachais Phoiblí, Comhchreat Breithmheasa na Roinne Iompair agus an Creat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn. Cé go bhfuil beartais agus bearta den sórt sin ag teastáil chun a chinntiú go mbaintear luach ar airgead amach, teastaíonn ardleibhéil doichte uathu, bíonn siad am-íditheach agus, uaireanta, moillíonn siad soláthar.
- Mar thoradh ar an bhfás geilleagrach láidir a tháinig sna sála ar phaindéim Covid-19, tá ganntanais shuntasacha scileanna ann sna hearnálacha iompair agus foirgníochta anois, agus iad ag déanamh difear do sholáthar seirbhísí agus bonneagair. Tá an ghéarchéim fuinnimh a tháinig as an gcogadh san Úcráin ar cheann amháin de na cúiseanna leis an mboilsciú suntasach costais atá i réim, go háirithe i réimse na foirgníochta. Is féidir leis na dúshlán sin soláthar a mhoilliú agus costais a mhéadú.

Príomh-mhaolaitheoirí

- Chun íoslaghdú a dhéanamh ar mhoilleanna ar sholáthar seirbhísí agus bonneagair, pleanálfaidh an tÚdarás go cúramach do na riachtanais foirne a bheidh ann sa mheántearma, agus dianiarracht á déanamh aige a chinntiú go mbeidh an inniúlacht riachtanach soláthair i bhfeidhm nuair a bheidh sí ag teastáil. Beidh sé riachtanach inniúlacht agus acmhainní a mhéadú go tráthúil i réimsí ina dtiocfaidh méadú ar leibhéil ghníomhaíochta.
- Chun ganntanais scileanna a mhaolú, féachfaidh an tÚdarás le cur chuige atá comhsheasmhach agus solúbtha araon a chur chun feidhme i leith tionscadail a chur ar tairiscint, agus é ag cinntiú go mbeidh na tionscadail chomh fabhrach agus is féidir don mhargadh agus go mbainfidh siad luach ar airgead amach. Comhordóidh an tÚdarás leis an Rialtas i gcoitinne freisin maidir le tionscnaimh chuí le haghaidh dul i ngleic leis an nganntanas oibrithe oilte sna hearnálacha iompair agus foirgníochta. Beidh sé mar aidhm pháirteach leis na tionscnaimh sin íoslaghdú a dhéanamh ar thionchar an bhoilscithe foirgníochta ar an gclár infheistíochta caipitil.

Rioscaí straitéiseacha

Shainaithin an Bord na rioscaí straitéiseacha atá roimh an Údarás, mar atá leagtha amach thíos, agus rinneadh breithniú cúramach orthu le linn an Ráiteas Straitéise seo a ullmhú. Feidhmíonn an tÚdarás creat láidir bainistíochta riosca chun na rioscaí straitéiseacha sin a bhainistiú agus a mhaolú.

- Costais iomarcacha soláthar tionscadal;
- Moill ar chistiú a chur ar fáil le haghaidh tionscadail agus tionscnaimh amach anseo;
- Cur isteach suntasach ar sheirbhísí;
- Cliseadh ar chóras criticiúil TF (córas de chuid an Údaráis nó de chuid soláthraithe seirbhíse tríú páirtí);
- Mórtéagmhas sábháilteachta ar an ngréasán iompair náisiúnta as a bhfuil an tÚdarás freagrach;
- Eispéireas fo-optamach custaiméirí le seirbhísí iompair poiblí;
- Acmhainn neamhdhóthanach agus inniúlachtaí neamhdhóthanacha chun tionscadail a sholáthar ar shlí éifeachtach éifeachtúil;
- Gan cuspóirí gníomhaithe ar son na haeráide ná cuspóirí inbhuanaitheachta a bhaint amach; agus
- Teagmhas suntasach rialachais a bhaineann le cinneadh airgeadais/dámhachtain conartha.

Dul chun cinn a thomhas

Chun dul chun cinn an Údaráis ar an Ráiteas Straitéise a chomhlíonadh a thomhas, úsáidfear sraith uirlisí agus méadrachtaí measúnaithe a bhaineann le spriocanna na heagraíochta le linn thréimhse feidhme na straitéise.

Sprioc	Samplaí d'uirlisí agus méadrachtaí measúnaithe
Tús Áite do Chustaiméirí	- Taighde ar shásamh custaiméirí leis an iompar poiblí - Suirbhéanna rúnphaisinéirí - Aiseolas a fuarthas trí chainéil seirbhíse do chustaiméirí, lena n-áirítear gearáin ó chustaiméirí
Aeráid agus Inbhuanaitheacht	- An céatadán de thurais a tógadh trí mhodhanna inbhuanaithe - Forbairt straitéisí bainistíochta éilimh - An céatadán den fhlít oibleagáide seirbhíse poiblí a chuimsíonn feithiclí astaíochtaí ísle/astaíochtaí nialasacha - An leibhéal rannpháirtíochta leis an gclár um athrú iompraíochta
Pleanáil Iompair	- Forbairt straitéisí iompair, lena n-áirítear pleananna iompair baile - Rannpháirtíocht le pleanáil úsáide talún i leith mórlimistéir/mórláithreáin forbartha - Scaipeadh treoirdhoiciméad agus faisnéise chun tacú le húsáid talún agus forbairt iompair a chomhtháthú lena chéile
Bonneagar Iompair	- An líon ciliméadar de bhonneagar rothaíochta a soláthraíodh - Clocha míle i ndáil leis an mbonneagar bus a fhorbairt – stádas toilithe pleanála; stádas tairisceana; stádas foirgníochta; flít - Clocha míle i ndáil leis an mbonneagar iarnróid a fhorbairt – mar atá thuas - Treoirdhoiciméid agus oiliúint chun tacú le bonneagar a fhorbairt, lena n-áirítear measúnú tionscadail agus breithmheas tionscadail
Seirbhísí Iompair	- An líon ciliméadar feithicle a oibríodh, mar aon le hiontaofacht agus poncúlacht seirbhísí - An t-innéacs gaireachta seirbhíse do ghréasáin BusConnects - An líon uaireanta a íoslódáladh Aipeanna Móibíleacha/an líon úsáideoirí gníomhacha atá acu
Rialáil Iompair	- Staitisticí maidir le próifíl an fhlít – aois, inrochtaineacht, astaíochtaí, etc. - An céatadán d'fheithiclí agus tiománaithe ceadúnaithe a ndearnadh seiceáil comhlíonta orthu gach bliain - An líon achomharc teanntála a próiseáladh gach bliain - An ráta ratha do na hionchúisimh a rinneadh
Caidreamh le Geallsealbhóirí	- An fheasacht náisiúnta ar bhrandaí an Údaráis, TFI agus Nasc Áitiúil TFI - An leibhéal caidrimh le geallsealbhóirí, lena n-áirítear comhairliúcháin phoiblí, seisiúin faisnéise le heagraíochtaí ionadaíocha, aithisc ag comhdhálacha, freastal ar chruinnithe údaráis áitiúil agus ar choistí Oireachtais, agus an líon ceisteanna parlaiminte ar tugadh freagra orthu - Suirbhéanna aiseolais geallsealbhóirí
Baill Foirne agus Eagraíocht	- Suirbhé ar chultúr agus sásamh fostaithe - Tuairisciú éagsúlachta, lena n-áirítear an chothromaíocht pá idir na hinscní - Sásamh ball foirne leis an gclár oiliúna agus forbartha - Comhlíonadh ceanglas rialachais - Athbhreithnithe luach ar airgead - Príomhtháscairí feidhmíochta cibearshlándála

Údarás Náisiúnta Iompair

Dún Scéine
Lána Fhearchair
Baile Átha Cliath 2
D02 WT20

National Transport Authority

Dún Scéine
Harcourt Lane
Dublin 2
D02 WT20

Teil.: +353 1 879 8300

Facs: +353 1 879 8333

www.nationaltransport.ie